RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/594 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a bhunú agus maidir le haerphaisinéirí a chur ar an eolas faoi chéannacht an iompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Aeriompróirí atá deimhnithe ag Gníomhaireacht Aeriompair Fheidearálach na Rúise ('FATA'), ní áirítear iad in Iarscríbhinní A ná B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, cé is moite den aeriompróir *SKOL Airline LLC*, a cuireadh le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2070 ón gCoimisiún ([3]).

(3) De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, chuir Ballstáit áirithe den Aontas Eorpach ('AE') agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') faisnéis in iúl don Choimisiún a d'fhéadfadh ábhartha i gcomhthéacs an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta. Sholáthair tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta faisnéis ábhartha freisin. Ina chinneadh an iomchuí an liosta a thabhairt cothrom le dáta, rinne an Coimisiún an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a chur san áireamh mar is cuí.

(4) De bhun an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích in 1999 idir Beirmiúda agus an Rúis maidir le cur chun feidhme Airteagal 83a den Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ('Coinbhinsiún Chicago') a mhéid a bhaineann le haerárthaí ar Chlár Bheirmiúda a oibríonn aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA, comhaontú a bhaineann le haistriú feidhmeanna agus dualgas formhaoirseachta rialála atá in Iarscríbhinní 1, 2 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, i bhFógra Ginearálta GEN-01-2022 an 14 Márta 2022 chuir Údarás Bheirmiúda um Eitlíocht Shibhialta ('BCAA') in iúl do FATA go gcuirfí ar fionraí le héifeacht ó 23.59 UTC an 12 Márta 2022 Deimhnithe Aeracmhainneachta ('CoA') gach aerárthaigh ar léas atá cláraithe i mBeirmiúda agus a oibríonn aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA, bunaithe ar an gcinneadh nach féidir aeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthaí sin a áirithiú a thuilleadh.

(5) De bhun an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích in 2002 idir Éire agus an Rúis maidir le cur chun feidhme Airteagal 83a de Choinbhinsiún Chicago a mhéid a bhaineann le haerárthaí ar Chlár na hÉireann a oibríonn aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA, comhaontú a bhaineann le haistriú feidhmeanna agus dualgas formhaoirseachta rialála atá in Iarscríbhinní 1, 2 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, an 15 Márta 2022 d'eisigh Údarás Eitlíochta na hÉireann ('IAA') a Fhógra Aerloingseoireachta A.114, fógra inar dhearbhaigh sé an scor de bhailíocht gach CoA le haghaidh aerárthaí a oibríonn aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA, le héifeacht ó dháta an fhógra sin, bunaithe ar an gcinneadh nach féidir aeracmhainneacht na n-aerárthaí sin a áirithiú.

([1]) IO L 344, 27.12.2005, lch. 15.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2070 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L 421, 26.11.2021, lch. 31).

(6) D'ainneoin na gcinntí sin ó BCAA agus ó IAA, ag gníomhú dóibh ina gcáil mar údaráis inniúla na Stát Cláraithe, tá roinnt aerárthaí a ndéantar difear dóibh fós á n-oibriú ag aeriompróirí atá deimhnithe ag an Rúis, laistigh den Rúis agus chuig tríú tíortha áirithe eile freisin. Ina Feasachán Leictreonach 2022/12 an 11 Márta 2022, mheabhraigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('ICAO') gur sárú díreach ar Airteagail 29 agus 31 de Choinbhinsiún Chicago é gníomh den sórt sin. De réir an Fheasacháin Leictreonaigh sin, níor cheart do FATA a cheadú d'oibríochtaí den sórt sin tarlú, ina cháil mar an t-údarás atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann aeriompróirí atá deimhnithe ag an Rúis caighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha. Thairis sin, na haeriompróirí atá deimhnithe ag FATA a oibríonn eitiltí den sórt sin leis na haerárthaí dá dtagraítear in aithrisí (4) agus (5), d'oibrigh siad iad go feasach de shárú ar chaighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe ICAO Iarscríbhinn 6, Cuid I, Caibidil 5, Caighdeán 5.2.3, '*Oibreofar eitleán i gcomhréir le téarmaí a dheimhniú aeracmhainneachta agus laistigh de na srianta oibriúcháin formheasta atá ina lámhleabhar eitilte*', agus é le tuiscint gurb é an Stát Cláraithe a eisíonn an CoA sin.

(7) Thairis sin, tá líon mór de na haerárthaí sin curtha ar chlár aerárthaí na Rúise gan toiliú na n-úinéirí agus gan comhar BCAA ná IAA ina dhiaidh sin maidir le sábháilteacht. Mar a luaitear freisin i bhFeasachán Leictreonach ICAO dá dtagraítear in aithris (6), is sárú ar Airteagail 17 agus 18 de Choinbhinsiún Chicago é gníomh den sórt sin.

(8) An 18 Márta 2022 d'eisigh ICAO a Litir Stáit AN 3/1.1-22/41 ina meabhraíonn sé do na Stáit Chonarthacha uile le Coinbhinsiún Chicago na freagrachtaí agus oibleagáidí formhaoirseachta a eascraíonn as an gCoinbhinsiún sin agus as na hIarscríbhinní a ghabhann leis, a mhéid a bhaineann le feidhmiú leormhaith na formhaoirseachta sábháilteachta.

(9) An 18 Márta 2022 d'fhógair an Rúis do Bheirmiúda go raibh an Comhaontú maidir le hAirteagal 83a, dá dtagraítear in aithris (4), á chur ar fionraí aici, le héifeacht láithreach. Mar thoradh air sin, i gcomhréir leis na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha don eitlíocht shibhialta, aon fhreagracht as formhaoirseacht rialála a aistríodh go dtí an Rúis roimhe sin faoin gComhaontú sin, cuireadh ar Bheirmiúda arís í, ina cháil mar an Stát Cláraithe.

(10) De shárú ar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an eitlíocht shibhialta, choinnigh FATA na freagrachtaí as formhaoirseachta rialála a aistríodh dá dtagraítear in aithrisí (4) agus (5), agus ghlac sé na feidhmeanna agus dualgais rialála atá in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, gan aon chomhar le Beirmiúda agus le hÉirinn mar Stáit Chláraithe. Níl aon fhianaise infhíoraithe ann lena chinneadh go bhfuil an acmhainneacht formhaoirseachta sábháilteachta is gá forbartha ag FATA chun freagracht bhreise formhaoirseachta den sórt sin a chur i gcrích go leormhaith ar fhógra chomh gearr sin, agus ar líon chomh fairsing sin aerárthaí.

(11) An 21 Márta 2022, de bhun Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ([4]), chuir an Coimisiún FATA ar an eolas faoina ábhar mhóra imní maidir le staid na formhaoirseachta ar shábháilteacht eitlíochta sa Rúis, agus chuir sé ar an eolas é maidir leis na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha, a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús le cinneadh toirmeasc ar oibriú a fhorchur ar aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA laistigh den Aontas.

(12) Thug an Coimisiún an deis do FATA barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh an 5 Aibreán 2022 os comhair an Choimisiúin agus os comhair Choiste Aershábháilteachta an Aontais. Iarradh ar FATA a chur in iúl faoin 1 Aibreán 2022 an bhfuil sé beartaithe aige a cheart chun cosanta a úsáid agus an mian leis láithriú os comhair Choiste Aershábháilteachta an Aontais.

(13) An 21 Márta 2022 chuir an Coimisiún Coiste Aershábháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na comhairliúcháin chomhpháirteacha leanúnacha le FATA, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ón gCoimisiún.

(14) An 31 Márta 2022, i litir a cuireadh chuig an gCoimisiún, thug FATA le fios go ndiúltaíonn sé do na líomhaintí a bhaineann le feidhmíocht sábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA agus go measann sé go gcomhlíonann sé ina n-iomláine na freagrachtaí a fhorchuirtear ar Stáit Chonarthacha ICAO. Mar sin féin, níor sholáthar FATA aon fhianaise ná faisnéis chun tacú lena ráitis, agus níor léirigh sé an chaoi a gcomhlíonann sé a fhreagrachtaí maidir leis na feidhmeanna agus dualgais rialála atá in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, go háirithe maidir leis na haeriompróirí a oibríonn na n-aerárthaí dá dtagraítear in aithrisí (4) agus (5).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme don liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 8).

(15) An 1 Aibreán 2022 thug an Coimisiún dá aire nár thug FATA le fios, mar a iarradh sa litir ón gCoimisiún a tarcuireadh chuig FATA an 21 Márta 2022, a intinn a cheart chun cosanta a úsáid, mar a fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

(16) An 5 Aibreán 2022 tháinig Coiste Aershábháilteachta an Aontais le chéile chun plé a dhéanamh ar staid feidhmíochta sábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA, mar aon le hacmhainneacht FATA na caighdeáin sábháilteachta eitlíochta idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Thug Coiste Aershábháilteachta an Aontais dá aire na sáruithe ar Choinbhinsiún Chicago dá dtagraítear in aithrisí (6) agus (7), chomh maith leis an sárú ar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an eitlíocht shibhialta dá dtagraítear in aithris (10). Thug sé dá aire freisin an easpa toilteanais oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún agus le Ballstáit an Aontais, maidir le hacmhainneacht FATA agus na n-aeriompróirí atá deimhnithe aige, chun aeracmhainneacht agus sábháilteacht oibríochtúil leanúnach fhlít na n-aeriompróirí a áirithiú, lena n-áirítear na n-aerárthaí dá dtagraítear in aithrisí (4) agus (5).

(17) Breithníodh tuilleadh freisin tionchar iarmhartach na mbeart sriantach a eascraíonn as Rialachán (AE) 2022/328 ón gComhairle ([5]) lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus go háirithe an tionchar oibríochtúil gearrthéarmach a bheadh ag gan ach rochtain theoranta a bheith ann ar nuashonruithe ar Bhunachair Sonraí Loingseoireachta agus ar Bhunachair Sonraí Córas Réamhrabhaidh Neasachta Talaimh, rud a chuirfeadh isteach go mór ar chumas na n-aerárthaí a oibríonn aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA loingseoireacht go slán.

(18) Tugadh faoi deara go bhfuil an tacaíocht innealtóireachta agus theicniúil d'aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA i ndiaidh éirí teoranta, de thoradh na mbeart sriantach is infheidhme. Thairis sin, mar gheall ar an easpa tacaíocht innealtóireachta agus theicniúil sin, in éineacht leis an ngníomhaíocht faireachais bhreise a eascraíonn as an líon suntasach aerárthaí nua a cuireadh le clár na Rúise, cuirfear le hualach oibre FATA agus leis an ngá le saineolas, rud nach dócha go mbeifear in ann é a bhaint amach láithreach i bhfianaise choinníollacha an Chomhaontaithe Airteagal 83a faoinar láimhseáladh gníomhaíocht den sórt sin sa Rúis go dtí seo, ar thaobh amháin, agus i bhfianaise iarmhairtí na mbearta sriantach is infheidhme, ar an taobh eile.

(19) I bhfianaise na sáruithe thuasluaite agus an easpa toilteanais oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún agus le Ballstáit an Aontais trí aghaidh a thabhairt ar na pointí agus ábhar imní sonrach a tharraing an Coimisiún anuas ina litir an 21 Márta 2022, i gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, lena n-áirítear an tríú critéar go háirithe, tháinig an Coimisiún agus Coiste Aershábháilteachta an Aontais ar an gconclúid nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil FATA in ann a fhreagrachtaí faoi Choinbhinsiún Chicago agus na caighdeáin atá sna hIarscríbhinní a ghabhann leis a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann leis na haeriompróirí atá deimhnithe ag FATA a oibríonn aerárthaí dá dtagraítear in aithrisí (4) agus (5).

(20) Thairis sin, i gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, agus go háirithe i gcomhréir leis an gcéad chritéar, na haeriompróirí atá deimhnithe ag FATA a rinne ceann amháin nó níos mó de na haerárthaí a luaitear in aithris 4 agus 5 a oibriú, tá easnaimh sábháilteachta thromchúiseacha léirithe acu trí ligean d'oibríochtaí eitilte tarlú de shárú ar chaighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha is infheidhme maidir le haeriompar tráchtála.

(21) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún gur cheart an liosta a leasú chun na haeriompróirí uile atá deimhnithe sa Rúis a oibríonn aerárthaí da dtagraítear in aithrisí (4) agus (5) a áireamh, is é sin liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(22) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe ag FATA, trí thosaíocht a thabhairt do chigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([6]).

([5]) Rialachán (AE) 2022/328 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 49, 25.2.2022, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

(23) An staid maidir le cumas agus acmhainneacht FATA a ról agus freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le faireachas ar a thionscal eitlíochta, chomh maith leis na haeriompróirí ar fad atá deimhnithe sa Rúis, lena n-áirítear go háirithe na haeriompróirí a oibríonn aerárthaí dá dtagraítear in aithrisí (4) agus (5), déanfar dlúthfhaireachán orthu, agus beidh siad faoi réir grinnscrúdú breise ag an gCoimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht, lena n-athbhreithniú ag na chéad chruinnithe eile de Choiste Aersháblailteachta an Aontais.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a leasú dá réir sin.

(25) Aithnítear le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 an gá le cinntí a dhéanamh go tapa agus, i gcás inarb iomchuí, go práinneach, i bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta. Dá bharr sin, tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le faisnéis íogair agus na daoine a thaistealaíonn a chosaint, go bhfoilseofaí aon chinneadh i gcomhthéacs liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc nó srian ar a n-oibriú laistigh den Aontas a thabhairt cothrom le dáta, agus go dtiocfadh sé i bhfeidhm láithreach tar éis a ghlactha.

(26) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Aersháblailteachta an Aontais arna bhunú le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 474/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn A;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Adina VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN A

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ A BHFUIL TOIRMEASC AR A nOIBRIÚ LAISTIGH DEN AONTAS, MAILLE LE hEISCEACHTAÍ [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora ("AOC") nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AVIOR AIRLINES	ROI-RNR-011	ROI	Veiniséala
BLUE WING AIRLINES	SRBWA-01/2002	BWI	Suranam
IRAN ASEMAN AIRLINES	FS-102	IRC	An Iaráin
IRAQI AIRWAYS	001	IAW	An Iaráic
MED-VIEW AIRLINE	MVA/AOC/10-12/05	MEV	An Nigéir
AIR ZIMBABWE (PVT)	177/04	AZW	An tSiombáib
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Afganastáin, lena n-áirítear			**An Afganastáin**
ARIANA AFGHAN AIRLINES	AOC 009	AFG	An Afganastáin
KAM AIR	AOC 001	KMF	An Afganastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Angóla, cé is moite de *TAAG Angola Airlines* agus *Heli Malongo*, lena n-áirítear			**Angóla**
AEROJET	AO-008/11-07/17 TEJ	TEJ	Angóla
GUICANGO	AO-009/11-06/17 YYY	Ní fios	Angóla
AIR JET	AO-006/11-08/18 MBC	MBC	Angóla
BESTFLYA AIRCRAFT MANAGEMENT	AO-015/15-06/17YYY	Ní fios	Angóla
HELIANG	AO 007/11-08/18 YYY	Ní fios	Angóla
SJL	AO-014/13-08/18YYY	Ní fios	Angóla
SONAIR	AO-002/11-08/17 SOR	SOR	Angóla
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Airméin, lena n-áirítear			**An Airméin**
AIRCOMPANY ARMENIA	AM AOC 065	NGT	An Airméin

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear in Iarscríbhinn A cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí a úsáid ar léas fliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.

ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 063	AMW	An Airméin
ARMENIAN HELICOPTERS	AM AOC 067	KAV	An Airméin
FLYONE ARMENIA	AM AOC 074		An Airméin
NOVAIR	AM AOC 071	NAI	An Airméin
SHIRAK AVIA	AM AOC 072	SHS	An Airméin
SKYBALL	AM AOC 073	N/B	An Airméin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCongó (Brazzaville), lena n-áirítear			**An Congó (Brazzaville)**
CANADIAN AIRWAYS CONGO	CG-CTA 006	TWC	An Congó (Brazzaville)
EQUAFLIGHT SERVICES	CG-CTA 002	EKA	An Congó (Brazzaville)
EQUAJET	RAC06-007	EKJ	An Congó (Brazzaville)
TRANS AIR CONGO	CG-CTA 001	TSG	An Congó (Brazzaville)
SOCIETE NOUVELLE AIR CONGO	CG-CTA 004	Ní fios	An Congó (Brazzaville)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear			**Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)**
AIR FAST CONGO	AAC/DG/OPS-09/03	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KATANGA	AAC/DG/OPS-09/08	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
BUSY BEE CONGO	AAC/DG/OPS-09/04	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
COMPAGNIE AFRICAINE D'AVIATION (CAA)	AAC/DG/OPS-09/02	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
CONGO AIRWAYS	AAC/DG/OPS-09/01	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
KIN AVIA	AAC/DG/OPS-09/10	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MALU AVIATION	AAC/DG/OPS-09/05	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SERVE AIR CARGO	AAC/DG/OPS-09/07	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)

SWALA AVIATION	AAC/DG/OPS-09/06	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MWANT JET	AAC/DG/OPS-09/09	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Djibouti, lena n-áirítear			**Djibouti**
DAALLO AIRLINES	Ní fios	DAO	Djibouti
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an nGuine Mheánchiorclach, lena n-áirítear			**An Ghuine Mheánchiorclach**
CEIBA INTERCONTINENTAL	2011/0001/MTTCT/ DGAC/SOPS	CEL	An Ghuine Mheánchiorclach
CRONOS AIRLINES	2011/0004/MTTCT/ DGAC/SOPS	Ní fios	An Ghuine Mheánchiorclach
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Eiritré, lena n-áirítear			**An Eiritré**
ERITREAN AIRLINES	AOC Uimh. 004	ERT	An Eiritré
NASAIR ERITREA	AOC Uimh. 005	NAS	An Eiritré
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCirgeastáin, lena n-áirítear			**An Chirgeastáin**
AEROSTAN	*08*	*BSC*	An Chirgeastáin
AIR COMPANY AIR KG	50	Ní fios	An Chirgeastáin
AIR MANAS	17	MBB	An Chirgeastáin
AVIA TRAFFIC COMPANY	23	AVJ	An Chirgeastáin
FLYSKY AIRLINES	53	FSQ	An Chirgeastáin
HELI SKY	47	HAC	An Chirgeastáin
KAP.KG AIRCOMPANY	52	KGS	An Chirgeastáin
SKY KG AIRLINES	41	KGK	An Chirgeastáin
TEZ JET	46	TEZ	An Chirgeastáin
VALOR AIR	07	VAC	An Chirgeastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libéir.			**An Libéir**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libia, lena n-áirítear			**An Libia**
AFRIQIYAH AIRWAYS	007/01	AAW	An Libia

AIR LIBYA	004/01	TLR	An Libia
AL MAHA AVIATION	030/18	Ní fios	An Libia
BERNIQ AIRWAYS	032/21	BNL	An Libia
BURAQ AIR	002/01	BRQ	An Libia
GLOBAL AIR TRANSPORT	008/05	GAK	An Libia
HALA AIRLINES	033/21	HTP	An Libia
LIBYAN AIRLINES	001/01	LAA	An Libia
LIBYAN WINGS AIRLINES	029/15	LWA	An Libia
PETRO AIR	025/08	PEO	An Libia
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Neipeal, lena n-áirítear			**Neipeal**
AIR DYNASTY HELI. S.	035/2001	Ní fios	Neipeal
ALTITUDE AIR	085/2016	Ní fios	Neipeal
BUDDHA AIR	014/1996	BHA	Neipeal
FISHTAIL AIR	017/2001	Ní fios	Neipeal
SUMMIT AIR	064/2010	Ní fios	Neipeal
HELI EVEREST	086/2016	Ní fios	Neipeal
HIMALAYA AIRLINES	084/2015	HIM	Neipeal
KAILASH HELICOPTER SERVICES	087/2018	Ní fios	Neipeal
MAKALU AIR	057A/2009	Ní fios	Neipeal
MANANG AIR PVT	082/2014	Ní fios	Neipeal
MOUNTAIN HELICOPTERS	055/2009	Ní fios	Neipeal
PRABHU HELICOPTERS	081/2013	Ní fios	Neipeal
NEAPAL AIRLINES CORPORATION	003/2000	RNA	Neipeal
SAURYA AIRLINES	083/2014	Ní fios	Neipeal
SHREE AIRLINES	030/2002	SHA	Neipeal
SIMRIK AIR	034/2000	Ní fios	Neipeal
SIMRIK AIRLINES	052/2009	RMK	Neipeal
SITA AIR	033/2000	Ní fios	Neipeal
TARA AIR	053/2009	Ní fios	Neipeal
YETI AIRLINES	037/2004	NYT	Neipeal
Na haeriompróirí seo a leanas atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Rúis			**An Rúis**
AURORA AIRLINES	486	SHU	An Rúis
AVIACOMPANY 'AVIASTAR-TU' CO. LTD	458	TUP	An Rúis

IZHAVIA	479	IZA	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY 'AIR COMPANY "YAKUTIA"'	464	SYL	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY 'RUSJET'	498	RSJ	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY 'UVT AERO'	567	UVT	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY SIBERIA AIRLINES	31	SBI	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY SMARTAVIA AIRLINES	466	AUL	An Rúis
JOINT-STOCK COMPANY 'IRAERO' AIRLINES	480	IAE	An Rúis
JOINT-STOCK COMPANY 'URAL AIRLINES'	18	SVR	An Rúis
JOINT–STOCK COMPANY ALROSA AIR COMPANY	230	DRU	An Rúis
JOINT-STOCK COMPANY NORDSTAR AIRLINES	452	TYA	An Rúis
JS AVIATION COMPANY 'RUSLINE'	225	RLU	An Rúis
JSC YAMAL AIRLINES	142	LLM	An Rúis
LLC 'NORD WIND'	516	NWS	An Rúis
LLC 'AIRCOMPANY IKAR'	36	KAR	An Rúis
POBEDA AIRLINES LIMITED LIABILITY COMPANY	562	PBD	An Rúis
PUBLIC JOINT STOCK COMPANY 'AEROFLOT - RUSSIAN AIRLINES'	1	AFL	An Rúis
ROSSIYA AIRLINES, JOINT STOCK COMPANY	2	SMD	An Rúis
SKOL AIRLINE LLC	228	CDV	An Rúis
UTAIR AVIATION, JOINT-STOCK COMPANY	6	UTA	An Rúis
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar São Tomé agus Príncipe, lena n-áirítear			**São Tomé agus Príncipe**
AFRICA'S CONNECTION	10/AOC/2008	ACH	São Tomé agus Príncipe
STP AIRWAYS	03/AOC/2006	STP	São Tomé agus Príncipe
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Shiarra Leon			**Siarra Leon**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an tSúdáin, lena n-áirítear			**An tSúdáin**

ALFA AIRLINES SD	54	AAJ	An tSúdáin
BADR AIRLINES	35	BDR	An tSúdáin
BLUE BIRD AVIATION	11	BLB	An tSúdáin
ELDINDER AVIATION	8	DND	An tSúdáin
GREEN FLAG AVIATION	17	GNF	An tSúdáin
HELEJETIC AIR	57	HJT	An tSúdáin
KATA AIR TRANSPORT	9	KTV	An tSúdáin
KUSH AVIATION CO.	60	KUH	An tSúdáin
NOVA AIRWAYS	46	NOV	An tSúdáin
SUDAN AIRWAYS CO.	1	SUD	An tSúdáin
SUN AIR	51	SNR	An tSúdáin
TARCO AIR	56	TRQ	An tSúdáin”

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN B

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ ATÁ FAOI RÉIR SRIANTA OIBRÍOCHTÚLA LAISTIGH DEN AONTAS [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC')	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora	Cineál aerárthaigh a bhfuil srian air	Cláruimhir nó cláruimhreacha agus, más ann dóibh, sraithuimhir nó sraithuimhreacha déantúis aerárthaí a bhfuil srian orthu	Stát an chláraithe
IRAN AIR	FS100	IRA	An Iaráin	Gach aerárthach den chineál Fokker F100 agus den chineál Boeing B747.	Aerárthaí den chineál Fokker F100 mar a luaitear ar an AOC; aerárthaí den chineál Boeing B747 mar a luaitear ar an AOC.	An Iaráin
AIR KORYO	GAC-AOC/KOR-01	KOR	An Chóiré Thuaidh	An flít ar fad, cé is moite de: 2 aerárthach den chineál TU-204.	An flít ar fad, cé is moite de: P-632, P-633.	An Chóiré Thuaidh'

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear in Iarscríbhinn B cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí a úsáid ar léas fliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.